An Bord Pleanála

# Ordú Boird
# Board Order
# ABP-315772-23M

**Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2022**

## Leasú ar Ordú Boird

**Údarás Pleanála: Comhairle Contae na Gaillimhe**

**An Fhorbairt i dTrácht:** Oibreacha deisiúcháin ar Dhroichead Fhormaoil, Seanadh Phéistín, Contae na Gaillimhe.

**DE BHRÍ** go ndearna an Bord cinneadh an fhorbairt bheartaithe a cheadú, faoi réir coinníollacha, maidir leis an bhforbairt thuasluaite le hordú dar dáta an 9ú lá d'Aibreán, 2024,

**AGUS DE BHRÍ** gur mheas an Bord nach ndéanfaí athrú ábhartha ar théarmaí na forbartha is ábhar don chinneadh dá ndéanfaí an t-ábhar thuasluaite a cheartú,

**Planning and Development Acts 2000 to 2022**

## Amendment of Board Order

**Planning Authority: Galway County Council**

**Development Concerned:** Repair works to Formaoil Bridge, Shenadh Phéistín, County Galway.

**WHEREAS** the Board made a decision to approve the proposed development, subject to conditions, in relation to the above-mentioned development by order dated the 9th day of April, 2024,

**AND WHEREAS** the Board considered that the correction of the above-mentioned matter would not result in a material alteration of the terms of the development, the subject of the decision,

P.C.

**AGUS DE BHRÍ,** ag féachaint do chineál na saincheiste i dtrácht, gur chinn an Bord gan aighneachtaí i ndáil leis an ábhar a lorg ó dhaoine a rinne aighneachtaí nó a thug tuairimí i ndáil leis an iarratas is ábhar don leasú seo,

**AND WHEREAS** having regard to the nature of the issue involved, the Board decided not to invite submissions in relation to the matter from persons who had made submissions or observations in relation to the application the subject of this amendment,

**ANOIS DÁ BHRÍ SIN**, de réir alt 146A(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, leasaíonn an Bord leis seo an cinneadh thuasluaite ionas go mbeidh Coinníoll uimhir 4(b) dá Ordú mar a leanas:

**NOW THEREFORE** in accordance with section 146A(1) of the Planning and Development Act 2000, as amended, the Board hereby amends the above-mentioned decision so that Condition number 4(b) of its Order shall be as follows:

4. Comhlíonfar na riachtanais caomhnithe dúlra seo a leanas:
   (a) Déanfar na hoibreacha de réir dhoiciméad Iascach Intíre Éireann "Treoirlínte maidir le hiascach a chosaint le linn oibreacha tógála in uiscí agus in aice leo" (2016).
   (b) Ní dhéanfar aon oibreacha insrutha gan dul i gcomhairle roimh ré le hIascach Intíre Éireann, agus ní dhéanfar na hoibreacha idir Deireadh Fómhair agus Meitheamh (an dá cheann san áireamh).
   (c) Déanfar freastal iomlán ar shaorghluaiseacht éisc, agus

4. The following nature conservation requirements shall be complied with:
   (a) The works shall be carried out in compliance with the Inland Fisheries Ireland document "Guidelines on protection of fisheries during construction works in and adjacent to waters" (2016).
   (b) No in-stream works shall be undertaken without prior consultation with Inland Fisheries Ireland, and the works shall not be undertaken between October and June (inclusive).
   (c) The free passage of fish shall

P.C.

úsáidfidh an t-atreorú sealadach bóthair struchtúr droichid bábhún in ionad an phíobáin atá beartaithe don sruthchúrsa.

(d) Déanfar oibreacha insrutha le linn tréimhsí sreafaí ísle uisce.

(e) Déanfaidh éiceolaí cuícháilithe suirbhé réamhthógála ar na madraí uisce sula dtosófar ar na hoibreacha, is éiceolaí cuícháilithe a dhéanfaidh aon scrios ar phoill madraí uisce nó aon athlonnú speiceas madraí uisce faoi Cheadúnas Maolaithe arna dheonú ag Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

(f) Ní dhéanfar aon fhásra bruachánach a bhaint le linn na tréimhse ó 1 Márta go 31 Lúnasa (an dá dháta san áireamh).

(g) Déanfar aon chriosanna bruachánacha a ndéanann innealra nó trealamh damáiste dóibh a athchóiriú go hiomlán.

(h) Cuirfear bearta coiscthe i bhfeidhm chun tabhairt isteach nó scaipeadh diúilicíní riabhacha san uiscechúrsa.

be fully accommodated, and the temporary road diversion shall utilise a bailey bridge structure instead of the proposed piping of the watercourse.

(d) In-stream works shall take place during periods of low water flows.

(e) A pre-construction otter survey by a suitably qualified ecologist shall be carried out before works commence, any destruction of otter holts or relocation of otter species shall be carried out by a suitably qualified ecologist under a Derogation Licence granted by the Minister for Housing, Local Government and Heritage).

(f) Any riparian vegetation removal shall take place during the period 1st day of March to 31st day of August (inclusive).

(g) Any riparian zones damaged by machinery or equipment shall be fully re-instated.

(h) Prevention measures shall be put in place to prevent the introduction or spread of Zebra mussel in the watercourse.

P.C.

| | |
|---|---|
| **An chúis:** Ar mhaithe le bithéagsúlacht agus le caomhnú an dúlra . | **Reason:** In the interests of biodiversity and nature conservation. |

Patricia Calleary

| | |
|---|---|
| **Patricia Calleary** | **Patricia Calleary** |
| **Ball den Bhord Pleanála a bhfuil Údarás aige séala an Bhord a fhíordheimhniú** | **Member of An Bord Pleanála duly authorised to authenticate the seal of the Board.** |

AN BORD PLEANÁLA

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Dátaithe ar an** | | **lá seo de** | | **2024** |
| **Dated this** | 17 | **day of** | June | **2024** |